CUID 1

CÚLRA

1. RÉAMHRÁ

1.1 CUSPÓIR AN PHLEAN

Tá dréachtPhlean athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola ullmhaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi mar a cheanglaítear uirthi faoi alt 22 den Acht um Bainistíocht Dramhaíola, 1996 agus na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Pleanáil), 1997. Glacadh le Plean Bhainistiú Dramhaíola Dhún na nGall roimhe sin sa bhliain 2000 agus tá sé bunaithe ar chreatchlár fiche bliain.

Chomh fada agus a bhaineann leis an bPolasaí Bhainistiú Dramhaíola, tá an plean i dhá ordlathas polasaí tagtha anuas ó Leibhéal AE agus Leibhéal Náisiúnta, agus comhlíonann sé an reachtaíocht náisiúnta ar Phleananna Bhainistiú Dramhaíola.

1.2 ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Tabharfaidh an t-athbhreithniú seo deiseanna do Chomhairle Chontae Dhún na nGall:

- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag bearta polasaí reatha, agus dul i gcionn ar fhobairt pholasaí amach anseo, de réir mar a dhéanann sé difear do bhainistiú dramhaíola laistigh den réigiún;
- Meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ar fheidhmiú na bPleananna Bhainisitú Dramhaíola, agus aon bhacainní nó srianta atá tagtha chun cinn a shainaithint, lena n-áirítear aon ghannchion i mbonneagar, in acmhainneacht nó i seirbhísí;
- Machnamh ar theicneolaíoctaí nuálacha le haghaidh sruthanna sainiúla dramhaíola a fheidhmiú:
- Bainistiú a dhéanamh ar an sreabhadh dramhaíola i gcomhair sainchóireála agus modhanna diúscartha ar bhonn réigiúnach agus idir-réigiúnach araon;
- Príomhthreallúis, ag macraileibhéal agus ag micrileibhéal, a dhéanann difrear do dhearcaí, do chur chuige agus do chleachtais bhainistiú dramhaíola a shainaithint;
- Tuiscint ar na saincheisteanna bhainistiú dramhaíola agus acmhainní a dhéanann difear don earnáil ghnó laistigh den réigiún; agus bearta a shainaithint a d'fhéadfadh feabhas a chur ar iomaíochas ghnólachtaí agus/nó a d'fhéadfadh deiseanna fobartha eacnamaíochta a chruthú;
- Dul i mbun cainteanna leis na tioncail ghnó agus dramhaíola laistigh den réigiún, chun cur chuige trasearnálacha a fhorbairt le haghaidh sochar frithpháirteach, an leas is fearr a bhaint as aisghabháil acmhainní agus uasmhéadú a dhéanamh ar dheiseanna forbartha eacnamaíochta.
- Tabhairt faoi mheastóireacht eacnamaíochta ar an gceanglas bhainistiú dramhaíola.

1.3 CUR CHUIGÍ RÉIGIÚNACHA AGUS AONAIR

Tá Grúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt comhdhéanta de ghrúpa deonach de sheacht údarás áitiúil i dTuaisceart Éireann: Comhairle Buirge Bhaile Monaidh, Comhairle Buirge Chúil Raithin, Comhairle Cathrach Dhoire, Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh, Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta, Comhairle Ceantair Mhaol, Comhairle Ceantair an tSratha Bháin agus Comhairle Chontae Dhún na nGall. Forbraíodh Plean Bhainistiú Dramhaíola do Chomhairlí Thuaisceart Éireann sa bhliain 2002 chun cur chuige réigiúnach a sholáthar le feabhas a chur ar chleachtais bhainistiú dramhaíola. Tá sochair fhrithpháirteacha ag an gcur chuige sin, lena n-áirítear mar shampla, deis mhéadaithe i ndáil le hoibleagáidí a chomhlíonadh, trí bharraineachtaí an mhórscála, agus acmhainní agus spriocanna a chomhroinnt.

Rinneadh athbhreithniú le gairid ar an bPlean Bhainistiú Dramhaíola do ghrúpa Comhairlí Thuaisceart Éireann agus glacadh leis i Meitheamh 2006. Rinneadh Measúnú Teicniúil chun na riachtanais shainiúla do bhainistiú dramhaíola cathrach a shainaithint. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe seo, agus ar an aiseolas ón gcomhairliúchan poiblí a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an bPlean, tá trí phríomh-mhír san áireamh sa Rogha Praiticiúil Comhshaoil is fearr (BPEO) don Réigiún:

- *Cosc Dramhaíola* – fás bliantúil dramhaíola a theorainniú.
- *Aisghabháil Ábhar* – córas trí bhosca bruscair chun bailiúchán ar leithligh a dhéanamh ar ábhair thirime inathchúrsáilte, ar dhramhaíl orgánach (dramhaíl ghairdín agus bhia) agus ar dhramhaíl iarmharach do gach líon tí – nuair is indéanta agus de réir mar is cuí.
- *Aisghabháil Fuinnimh agus Cóireáil ar Dhramhaíl Iarmharach* – Meascán de theicneolaíochtaí dramhaíola, le Cóireáil Mheicniúil Bhitheolaíoch (ach ní loscadh ar an mórchóir) a chur san áireamh, agus é mar chuspóirí:
  - Aisghabháil bhreise ar ábhair chun spriocanna na Straitéise a bhaint amach
  - Laghdú ar inbhithdhíghrádú chun spriocanna reachtúla athstiúradh BMW ó líonadh talún agus spriocanna NILAS a bhaint amach.
  - Aisghabháil fuinnimh trí bhreosla a chruthú le haghaidh giniúint leictreachais agus teasa chun an luach is fearr a bhaint as dramhaíl mar acmhainn.

Le cruthú Ghrúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt, tá dhá rogha, i bprionsabal, curtha ar fáil do Chontae Dhún na nGall maidir le déileáil le saincheisteanna bhainistiú dramhaíola amach anseo sa Chontae. Seo a leanas na roghanna sin:

An Rogha Aonair – Mar a thugann an t-ainm le tuiscint is éard a bheadh sa rogha 'aonair' ná forbairt a dhéanamh ar an infrastruchtúr bhainistiú dramhaíola atá riachtanach chun na spriocanna a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán laistigh de chontae Dhún na nGall.

Roghanna Réigiúnacha – Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo i leith bhainistiú dramhaíola ná na heacnamaíochtaí, láithreas margaidh agus solúbthacht mhéadaithe a bhíonn ag gabháil le rochtain a fháil ar méideanna níos mó dramhaíola a chruthaítear i limistéar gabhála níos mó a bhaint amach.

Breithnítear an ghné trasteorann den rogha grúpála réigiúnach freisin laistigh den Phlean Bhainistiú Dramhaíola, mar go bhfuil impleachtaí tábhachtacha aige do Chontae Dhún na nGall, go háirithe:-

- Beidh na húdaráis áitiúla laistigh den ghrúpa ag leanúint treoir dhifriúil polasaí náisiúnta i.e. "Waste Management – Changing Our Ways" do Dhún na nGall, agus "Northern Ireland Waste Management Strategy" do na hÚdaráis Áitiúla eile;
- Cuireann Rialacháin AE, na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe ar Dhramhaíl a Sheoladh Trasteorann raon rialuithe i bhfeidhm faoi láthair ar ghluaiseacht dramhaíola trasna teorannacha;
- Ceadaíonn rialacháin AE, in imthosca sainiúla, dramhaíl a aistriú trasna teorainneacha le haghaidh athchúrsála nó cóireáil dramhaíola. Caithfear é sin a dhéanamh faoi chreat Phlean Bhainistiú Dramhaíola, agus le toiliú na n-údarás go léir faoi seach.

1.4 POLASAÍ UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Tá dul chun cinn déanta le cúig bliana anuas, caithfear i bhfad níos mó oibre a dhéanamh áfach má tá an tír leis na spriocanna náisiúnta agus AE ar bhainistiú dramhaíola a bhaint amach. Sna cúig bliana deiridh, tá roinnt polasaithe agus rialacháin reachtúla nua glactha, a éilíonn feidhmiú faoin bplean athsholáthair.

1.4.1 Polasaí Bhainistiú Dramhaíola an AE

Tá oibleagáid ar Éirinn treoracha AE a fheidhmiú mar bhallstát. Bhí Treoir Líonadh Talún an AE 1999 mar threallús do go leor de na straitéisí bhainistiú dramhaíola roimhe seo. Ón mbliain 2000, tá roinnt treoracha nua AE trasuite isteach i ndlí na hÉireann a dhéanann difear díreach do phleananna bhainistiú dramhaíola. Áirítear orthu sin an Treoir ón AE ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach, an Treoir ón AE ar Fheithiclí atá i nDeireadh a Ré, an Treoir ar Loscadh Dramhaíola, agus na Rialacháin ar Fhotháirgí Ainmhíocha. Beidh tionchar ag roinnt clár AE eile ar an bplean seo agus ar phleananna bhainistiú dramhaíola amach anseo. Áirítear orthu sin:

- An Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an AE – "Comhshaol 2010 Ár dTodhchaí"
- Straitéis Théamúil ar Chosc agus Athchúrsáil Dramhaíola
- Straitéis Liospóin 2000
- Athbhreithniú 2005 ar Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an AE

1.4.2 Polasaí Bhainistiú Dramhaíola na hÉireann

Tá roinnt doiciméad polasaí náisiúnta ar bhainistiú dramhaíola foilsithe, dírithe ar bhainistiú dramhaíola. Ba é doiciméad polasaí an rialtais 'Changing Our Ways' an chéad cheann de shraith polasaithe chun dul i ngleic le saincheisteanna dramhaíola. Tháinig an doiciméad 'Delivering Change' i 2002 agus 'Taking Stock & Moving Forward' i 2004 i ndiaidh an doiciméid sin. Tugadh roinnt straitéisí isteach freisin lena n-áirítear an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí, an Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe, Tioncnamh Deonach an Tionscail Foirgníochta agus an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola.

Tá an reachtaíocht rialaitheach do dhramhaíl curtha ar fáil ag an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú agus an Acht um Bainistiú Ddramhaíola (Leasú) 2001 agus an tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003. Tá Acht 1996 tugtha i bhfeidhm trí shraith rialachán a dhéanamh, ag clúdach gnéithe ar nós bailiú dramhaíola, údarú na saoráidí dramhaíola, seoladh trastreorann dramhaíola agus sruthanna dramhaíola sainiúla ar nós pacaistiú agus plaistigh feirme.

1.5 PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

Leagann an Straitéis Spásúil amach an creat straitéiseach foriomlán d'fhorbairt na hÉireann sa tréimhse 2002-2020.

Is réamhriachtanas é pleanáil bhainistiú dramhaíola don soláthar saoráidí agus seirbhísí feabhsaithe bhainistiú dramhaíola, ó thaobh cleachtais níos inbhuanaithe le méadú ar chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola, chomh maith le cosaint feabhsaithe comhshaoil. Áirítear an Plean reachtúil Bhainistiú Dramhaíola sa chomhthéacs pleanála bhainistiú dramhaíola, ach ní amháin sin beidh sé faoi anáil roinnt pleananna agus straitéisí iomchuí eile, lena n-áirítear:

- Tugann Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2005 plean foriomlán, as a leanfaidh forbairt inbhuanaithe sa Chontae.
- Grúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt – Plean Bhainistiú Dramhaíola.
- Straitéis Chontae Dhún na nGall 2002 – 2012.

D'ullmhaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall Plean Forbartha Contae de réir Alt 20 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963. Cuireadh Dréacht-Phlean Athsholáthair amach le haghaidh comhchomhairle phoiblí i 2005. Tá Athruithe Ábhartha ar DhréachtPhlean Fobartha Chontae Dhún na nGall foilsithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi oibleagáidí reachtúla atá leagtha amach in Alt 12 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2004. Leagann na hAthruithe Ábhartha amach na leasuithe suntasacha atá beartaithe a dhéánamh ar DhréachtPhlean Forbartha an Chontae 2005 agus má ghlactar leo cuirfear isteach sa phlean forbartha nua iad. Tháinig deireadh

leis an tréimhse comhchomhairle maidir le hAthruithe Ábhartha an 31ú Márta 2006. Tugann Plean Forbartha seo an Chontae an creat foriomlán, as a leanfaidh forbairt inbhuanaithe sa Chontae.

1.6 STAIDÉAR BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA TRASTEORANN

Tógann an staidéar trasteorann ar an bpróiseas athbhreithnithe a rinneadh ar na pleananna bhainstiú dramhaíola laistigh den Reigiún Trasteorann agus soláthraíonn ardán as a bhféadfar na príomhthreallúis, bacainní agus constaicí atá roimh na húdaráis áitiúla agus an tionscadal dramhaíola laistigh den réigiún Trasteorann a mheas. Tógann an staidéar freisin ar an obair atá déanta ag ICBAN, Grúpa an Iarthuaiscirt, an Réigiúin Thoir agus faisnéis atá coinnithe laistigh de IBEC-CBI a foilsíodh i 2004.

Tugann an staidéar forleárgas ar shuíomh comhthéacs an tionscadal, agus breithníonn sé freisin na príomhthreallúis reachtaíochta atá glactha laistigh den Eoraip, ag tabhairt na príomhdhifríochtaí sa tslí a bhfuil an reachtaíocht sin á feidhmiú laistigh de Thuaisceart Éireann agus de Phoblacht na hÉireann. Scrúdaíonn an tuarascáil freisin na príomhdhifríochtaí i spriocanna náisiúnta atá leagtha amach do gach sruth dramhaíola ar leithligh agus an tionchar a bheidh ag na difríochtaí sin ar chleachtais bhainistiú dramhaíola agus forbairt an mhargaidh ar fud oileán na hÉireann.

2. AN LIMISTÉAR STAIDÉIR

2.1 Tuairisc Ghinearálta ar an Limistéar

Tá Contae Dhún na nGall suite ar chósta thiar thuaidh na hÉireann (Fíor 2.1) agus tá sé ar cheann de na contaetha is mó le hachar talún de 486,091 heicteár ann, ar ionann sin agus 6.9% d'achar iomlán talún an stáit. Tá cáil air mar gheall ar a chuid ailltreacha mórthaibhseacha, na radharcanna ar shléibhte garbha, gleannta móra, locha fada áille agus heicteáir de thalamh portaigh, chomh maith lena shráidbhailte iascaigh atá scaipthe ar feadh an chósta sceirdiúil agus na tránna breátha gainimh.

Tugann an chuid seo den Phlean Bhainistiú Dramhaíola forléargas ginearálta ar thopagrafaíocht, ar gheolaíocht, ar hidreolaíocht agus ar hidrigheolaíocht Chontae Dhún na nGall chomh maith leis an infrastruchtúr iompair reatha agus úsáid na talún sa chontae a thabhairt chun suntais. Tá an t-eolas seo tógtha ó Phróifíl Chontae Dhún na nGall, 2002 agus Daonáireamh 2002.

2.2 TOPAGRAFAÍOCHT

Tá an contae ina iomláine comhdhéanta den chuid is mó de réimsí sléibhte, ar ionann sin agus thart ar 45% de chineál talún Dhún na nGall. Is iad na príomhraonta ná na Cruacha Gorma in aice le Baile Dhún na nGall agus Sléibhte Dhoire Bheatha agus Sléibhte Ghleann Domhain ar gach aon taobh de Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Is féidir suíomh na sléibhte sin a fheiceáil i bhFíor 2.1. Tá gleannta ar chruth U agus taobhanna géara le híochtair réasúnta cothrom acu sin mar thréithe. Is í an Eargail an pointe is airde i gContae Dhún na nGall ag 752m os cionn leibhéal na farraige agus tá mórbheanna eile de 683m i Sléibhte Dhoire Bheatha agus 615m i Leithinis Inis Eoghain. Is é Sliabh Liag an aill mhara is airde san Eoraip, ag réimsiú ó 300-600m ar airde.

Is tailte ísle réchnocacha thart ar 43% de chineál talún an chontae agus tá sé fairsing in gCeantair Tuaithe Inis Eoghain, Bhaile na nGallóglach agus na nGleannta.

Tá cósta Dhún na nGall an-ilghnéitheach agus tá go leor leithinsí agus oileáin bheaga ann. Is é an cósta is faide d'aon chontae sa tír é ag 1,134km agus is ionann sin agus 17.1 % den chósta náisiúnta. Síneann Loch Súilí 30km isteach ón gcósta thuaidh go Leitir Ceanainn agus is é is faide de roinnt góilíní sa tír a cruthaíodh leis an oighearaois. Tugann góilíní eile ar nós An Mhaoil Rua áiteanna iontacha le haghaidh go leor feirmeacha éisc agus próisis dobharshaothraithe.

Is réigiún tábhachtach iascaigh freisin é Dún na nGall agus tá an caladh iascaigh is mó in Éirinn sna Cealla Beaga ar chósta thiar theas an chontae. Meallann na tránna glana, bealaí siúil le radharcanna iontacha agus ciúnas Chontae Dhún na nGall go leor cuairteoirí ag an gcúinne cúlráideach seo d'Éirinn gach bliain.

2.3 GEOLAÍOCHT

2.3.1 Geolaíocht Sholadach

Tá geolaíocht Dhún na nGall, a thaispeáintear i bhFíor 2.2, an éagsúil agus an-chasta. Mar sin féin, is féidir é a shimpliú ina chúig phríomh-fo-roinn, mar a leanas:-

Naghas – carraig mheiteamorfach bandaithe chriostatla garbh – seo iad na carraigeacha is sine i nDún na nGall agus níl siad le feiceáil in aon áit ach amháin ar Inis Trá Tholl, soir ó thuaidh de Chionn Mhálanna.

Carraigeacha Dálriadacha Meitidhríodracha – is iad seo na carraigeacha is forleithne i nDún na nGall agus tiontaíodh go siostaí agus go grianchlochítí iad le linn déanamh na sléibhte sa Tréimhse Ordaivíseach. Baintear an ghrianchlochít as cairéil in oirthuaisceart Leitir Ceanainn agus bíonn sí in úsáid i ndéanamh bóithre.

Ionsánna Eibhir – faightear na cineálacha seo carraige go coitianta in iarthar an Chontae agus is iad atá sa mhasaíf ardchríocha is mó sa réigiún, lena n-áirítear Sléibhte Dhoire Bheatha agus an talamh cnocach íseal timpeall ar cheantar na Rosann. Tá gleannta fada díreacha cruthaithe ag fórsaí síonchaite as mórscoilteanna atá ag rith trí na carraigeacha. Is é an ceann is mó díobh sin ná gleann domhain Ghleann Bheatha a scarann Sléibhte Dhoire Bheatha agus Sléibhte Ghleann Domhain.

Gaineamhchloch Dheavónach – níl an charrraig dhríodarach seo le fáil ach amháin i limistéir bheaga áitiúla i nDún na nGall, lena n-áirítear an ceantar in aice le Port an tSalainn ar Chionn Fhánada.

Dolairít – cruthaíodh an cineál carraige seo le linn oscailt an Atlantaigh Thuaidh agus tá sé le fáil den chuid is mó mar ionsánna laistigh de charraigeacha níos sine.

2.3.2 Deascaigheolaíocht

Níl suirbhé iomlán mionsonraithe deascaigheolaíochta déanta, go dtí seo, do Chontae Dhún na nGall. Mar sin féin, léiríonn tírdhreach reatha Thuaisceart Dhún na nGall oighearú forleathan an réigiúin. Is féidir éifeachtaí an oighearaithe a fheiceáil i gcósta fada aimhréidheach Chontae Dhún na nGall, leis na gleannta agus góilíní ar nós Loch Súilí, sractha amach ar feadh línte struchtúrthacha laige sa gheolaíocht mhórthimpeall de réir mar a shíob oighearshruthanna ó ardchríocha Dhún na nGall go dtí an fharraige.

Chruthaigh an oighearaois dheiridh, a chríochnaigh thart ar 10,000 bliain ó shin, sileagan oigheardheasctha dromchla i gceantair ísle de réir mar a chúlaigh na hoighearchlúideanna. Bhí siad seo go minic comhdhéanta de thillí an neadaithe (cré bholláin), amanna i bhfoirm droimníní a a sil-leagadh ó íochtar na n-oighearchlúideanna, nó gaineamh agus gairbhéal dobharoighreach, a sruthlaíodh amach as na hoighearshruthanna de réir mar a chúlaigh an t-oighear. Bíonn cré bholláin comhdhéanta go hiondúil as bolláin agus duirleoga coinnithe i maitrís d'ábhair mhínghráinneacha a tháinig ó shraith foluiteach níos laige (as sin an t-ainm cré 'bholláin').

Is sil-leagan meánghráinneach go dtí garbhghráinneadh de ghnáth an gaineamh agus an gairbhéal dobharoighreach, a bhíonn go minic os cionn an chré bholláin nó ina luí go díreach ar an mbuncharraig sa chás go mbíonn aon shil-leagan deasctha dromchla eile scuabtha leis ag oighearchreimeadh.

Tar éis na hoighearaoise, de réir mar a d'ardaigh leibhéal na farraige, cruthaíodh sil-leagan bog iar-oighreach glárach agus inbhearach os cionn na n-ithreacha oighreacha i roinnt gleannta abhann ar feadh an chósta. In ardchríocha, cruthaíodh sil-leagan forleathan de bhratmhóin mar gheall ar an coinníollacha aeráide a bhí coitianta ann.

2.3.3 Ithreacha

Ón dí-oighearú, tá cruthú ithreach tarlaithe mar thoradh ar roinnt fachtóirí difriúla, eadhon: athrú aeráide; fás plandaí; creimeadh ar an máthairábhar; dianscaoleadh comhdhúile ag orgánaigh; aois choibhneasta; agus rilíf. Is féidir a fheiceáil ó Léarscáil Ithreacha Dhún na nGall (Fíor 2.3) go bhfuil na cineálacha ithreacha éagsúil ar fud an chontae, mar sin féin is féidir an réigiún a rangú i dtrí phríomhchineál: -

Gléireach – is ithreacha iad sin a fhaightear go hiondúil i limistéir a bhfuil bac ar dhreanáil iontu, mar gheall ar uiscechlár ard nó gan a bheith ar chumas na hithreach déileáil leis an uisce dromchla. Cuirean leathbhá na n-ithreacha cosc ar dhianscaoileadh ábhar orgánach, a charnann ansin ag an dromchla.

Laistigh de Chontae Dhún na nGall is coitianta atá gléireach le fáil sna limistéir is faide ó dheas i gceantair Bhéal Átha Seanaidh agus Dhún na nGall áit ar tharla forbairt droimníní. Tá na créanna bolláin seo, as a bhfuil droimníní déanta, chomh dlúth agus neamh-thréscaoilteach go mbíonn an ithir go minic an-fhliuch agus greamanach ag an dromchla laistigh den bharrithir. Is féidir le láisteadh iomarcach agus rith chun srutha aon táirgí ar nós leasacháin, loitnidicídí nó sciodar nuair a chuirtear ar an ithir iad a bheith mar thoradh air sin.

Ithreacha podsalacha – tá na podsalacha donna agus na podsail mhóinteacha seo ar fáil den chuid is mó i gCeantair Tuaithe Inis Eoghain, Leitir Ceanainn agus Shrath an Urláir agus bíonn an claonadh

iontu a bheith i gceantair a bhfuil saor-dhraenáil ann, agus dá bhrí sin bíonn siad oiriúnach go hiondúil le haghaidh úsáid talún curadóireachta.

Bratphortaigh – tarlaíonn siad sin san áit a mbíonn coinníollacha anaeróbacha mar thoradh ar dhrochdhraenáil ithreach, agus ní féidir leo tacú ach le pobail an-ísle de mhicreaorgánaigh agus dá bhrí sin bíonn briseadh síos ar ábhar orgánach an-mhall. Bíonn na hiarmhair orgánacha a bhíonn mar thoradh air comhdhéanta den chuid is mó de lignin agus fíocháin lignithe a charnann chuig doimhneas cuimsitheach chun móin a chruthú.

2.4 HIDREOLAÍOCHT

Is cúig dobharcheantar atá i hidreolaíocht Chontae Dhún na nGall: An Feabhal, Loch Súilí, Inis Eoghain Thuaidh (Domhnach-Bun an Phobail), an tIarthuaisceart (Gaoth Beara – Cuan na gCaorach) agus Bá Dhún na nGall.

Tar éis Tuarascáil Comhshaoil 2004 Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil na hÉireann, féachtar ar chaighdeán an uisce i nDún na nGall a bheith neamhthruaillithe le thart ar 87% de na haibhneacha go léir rangaithe mar neamhthruaillithe, 5% mar thruaillithe ar éigean, 7% mar thruaillithe go measartha agus 1% truaillithe go dona.

2.4.1 Meitéareolaíocht

Is é Contae Dhún na nGall an contae is faide ó thuaidh sa Tír agus bíonn an aimsir ann faoi thionchar mór ag frontaí aimsire agus bíonn an méid báistí agus an meánluas gaoithe an-ard de ghnáth.

Tá sonraí báistí don 56 stáisiún laistigh de Chontae Dhún na nGall ar fáil ón Oifig Mheitéareolaíochta, Baile Átha Cliath. Ó na sonraí seo ríomhadh, go raibh meánbháisteach de 1493mm/sa bhliain ag Contae Dhún na nGall. Tá athruithe spásúil sa bháisteach ar fud an chontae agus bítear ag súil leis an meid is mó báistí (>2,600mm) sna hardchríocha agus an méid is lú báistí in oirthear an Chontae.

Mar shampla, ba 967 mm a thit sa Bhaile Nua. Bíonn meánchaillteanas imghalaithe féideartha bliantúil de 577mm sa bhliain ann freisin, bunaithe ar shonraí ó Stáisiún Clíomeolaíochta Chionn Mhálanna, a thugann le tuiscint go raibh meánbháisteach éifeachtach bhliantúil de 916mm ann do Dhún na nGall.

2.5 HIDRIGEOLAÍOCHT

Tugann acmhainní screamhuisce thart ar 25% de na soláthairtí uisce óil go léir in Éirinn. Mar sin féin, i nDún na nGall tuairiscítear nach ndéanann screamhuisce soláthar ach do thart ar 2% den solathar iomlán uisce sa chontae, de bhrí go bhfuil carraigeacha bonnlaigh criostalta, ar droch-uiscígh iad, faoi fhormhór an chontae. Tríd is tríd, tuairscítear go bhfuil an screamhuisce laistigh de Chontae Dhún na nGall ar chaighdeán inólta ach amháin go bhféadfadh éilliú áitiúil a bheith ann mar gheall ar umair mhúnlaigh, diantalmhaíocht nó truailliú tionsclaíoch.

I gceantair a bhfuil gléireach nó cré bholláin sa tsraith íochtair iontu, is iondúil go ritheann an bháisteach chun srutha ar an dromchla mar go mbíonn gluaiseacht screamhuisce sna sil-leagnacha an-dlúth sin go hiondúil srianta chuig imshruthú mall trí mhicreaphóir agus micreascoilteanna. Tá na sraitheanna sin dá bhrí sin ina n-uiscebhac éifeachtach mar go gcuireann éifeacht bhacainneach hiodrálach na n-ábhar mínghráinneach bac suntasach ar ghluaiseacht screamhuisce. Breithneofar an fhaisnéis ó staidéar íogaireachta screamhuisce GSI i nDún na nGall nuair a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil; tá sé i bhformáid dréachta faoi láthair.

2.6 DAONRA

Is ionann an 485,951 ha atá i nDún na nGall agus 6.9% de réimse talún uile na hÉireann agus is é an tríú contae is mó é de sheacht gcontae an Iarthair, tar éis Gaillimh agus Maigh Eo. Ba é an daonra iomlán i 2002, mar atá le feiceáil i dTábla 2.1, ná thart ar 137,575, fás de 5.8% ó 1996. Ón ráta fáis seo is féidir a thuar go mbeidh thart ar 145,000 duine i ndaonra Dhún na nGall faoin mbliain 2021. Laistigh de Chontae Dhún na nGall, áfach, tá an dlús daonra is mó comhchruinnithe ar roinnt bailte móra, rud a fhágann an chuid eile den chontae faoi líon beag daoine. Taispeánann Tábla 2.1 an dlús daonra laistigh de Chontae Dhún na nGall.

Tábla 2.1 An Dlús Daonra i gContae Dhún na nGall

	Comh-Iomlán i Limistéir Bailte Móra	Comh-Iomlán i Limistéir Tuaithe	% Daonra i Limistéir Bailte Móra
2002	32,788	104,787	23.8%

Is pobal tuaithe go príomha atá i nDún na nGall, agus is é Leitir Ceanainn an t-aon bhaile mór meánmhéide sa Chontae. Mhéadaigh an daonra i gCeantar Uirbeach agus i gCeantar Tuaithe Leitir Ceanainn 4.7% agus 65.5% faoi seach ó 1996 agus tá daonra de thart ar 15,231 ann faoi láthair.

Ó thaobh toghranna de, tá Dún na nGall roinnte i sé limistéar a chuimsíonn Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, Inis Eoghain, na Gleannta, Dún na nGall agus Srath an Urláir, mar a thaispeáintear i bhFíor 2.4. Tá an Contae roinnte freisin in ocht dTuathcheantar – Inis Eoghain, Baile na nGallóglach, Leitir Ceanainn, Sraith an Urláir, Béal Átha Seannaidh, Dún Fionnachaidh, na Gleannta agus Dún na nGall.

I 2002, bhí 44,713 líon tí príobháideach ar an iomlán i nDún na nGall. Ba é Leitir Ceanainn an t-aon bhaile mór a raibh daonra níos mó ná 10,000 duine ann. Chomh maith leis sin trá trí Chomhairle Ceantair Uirbigh sa Chontae. Is iad sin Leitir Ceanainn, Bun Dobhráin agus Bun Cranncha, agus tá siad léirithe i dTábla 2.2.

Tábla 2.2 Daonra na gComhairlí Ceantair Uirbigh

Ceantar Uirbeach	Daonra Dhaonáireamh 2002
Bun Cranncha	3420
Bun Dobhráin	1678
Leitir Ceanainn	7695

Ba 23,728 a bhí i ndaonra Ghaeltacht Dhún na nGall sa bhliain 2002. Clúdaíonn an Ghaeltacht limistéar de 1,770km^2, arb ionann sin agus aon trian de réimse talún Chontae Dhún na nGall. Tá pobal substaintiúil oileánda ag Dún na nGall freisin.

2.7 ÚSÁID TALÚN

Tá 52% de chlúdach talún Dhún na nGall comhdhéanta de phortaigh, móinteach, criathrach agus féarthailte nádútha. Is thart ar 37% den réimse iomlán talún an talamh talmhaíochta. Tá clúdach talún CORINE taispeánta i bhFíor 2.5. Tugann an chéad roinn eile tuairisc níos mionsonraithe ar na príomhúsáidí talún laistigh den Chontae.

2.8 TALMHAÍOCHT

Is cuid shuntasach d'eacnamaíocht Dhún na nGall é an talmhaíocht ó thaobh aschur agus fostaíochta de. Deir an Daonáireamh Talmhaíochta (2000) gur thart ar 8,805 é an líon feirmeacha atá i gContae Dhún na nGall, ar laghdú é sin de thart ar 14% ar fhigiúr 1991. Deir an Daonáireamh freisin gur mhéadaigh meánmhéid feirme beagnach 12%. Tá dúshláin mhóra roimh an bhfeirmeoireacht i nDún na nGall de réir mar a fhéachtar le freagairt do na leasuithe laistigh den Chomhbheartas Talmhaíochta (CAP), an Treoir Níotráití agus dul in iomaíocht le feirmeacha níos mó sa chuid eile den tír. Áirítear ar na hearnálacha feirmeoireachta i nDún na nGall tógáil stoic le haghaidh mairteola, ba déiríochta, saintáirgeadh caorach, táirgeadh muc agus táirgeadh éanlaithe; mar sin féin, tá tromlach na bhfeirmeacha i nDún na nGall dírithe ar an earnáil tógála eallaigh agus caorach.

2.9 LÁITHREACHA CAOMHANTAIS DÚLRA

Tá cáil mhór ar Dhún na nGall ar fud an domhain as an áilleacht radharcanna agus an oidhreacht shaibhir atá ann. Mar aitheantas dó sin agus an gá atá le leibhéil chuí cosanta a thabhairt, tá go leor de phortaigh, de pháirceanna náisiúnta agus de chósta an réigiúin ainmnithe mar Láithreacha

Caomhantais Dúlra. Is iad na trí phríomh-ainmniúchán reachtúil laistigh de Dhún na nGall ná: Ceantair Speisialta Caomhnaithe (SAC), Ceantair Speisialta Cosanta (SPA) agus Limistéir Spéise Eolaíochta(ASI)/ Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHA). Tá siad sin taispeánta i bhFíor 2.6.

2.10 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA AGUS TIONSCLAÍOCHTA

Tá an Talmhaíocht, an Fhoraoiseacht, Iascach agus an Earnáil Déantúsaíochta ar na hearnálacha fostaíochta is mó i nDún na nGall go traidisiúnta. Ó 1986 áfach, tá méadú ag teacht ar na leibhéil arda fostaíochta san earnáil seirbhísí. Léiríonn Fíor 2.7 na hearnálacha fostaíochta i nDún na nGall.

Fíor 2.7 Na hEarnálacha Fostaíochta i nDún na nGall. (Foinse: CSO 2002)



2.11 TURASÓIREACHT

Mhéadaigh cuairteanna turasóireachta go hÉirinn i 2004 3.3% go dtí 6.4 milliún, a bhí níos mó ná an líon turasóirí a tháinig go hÉirinn i 2000, an bhliain ba mhó roimhe sin a raibh tuarasóirí sa tír. Laghdaigh an líon turasóirí ón mBreatain 1%, mhéadaigh an líon tuarsóirí ó Mhór-Roinn na hEorpa agus ó Mheiriceá Thuaidh 7%. Mar sin féin, tá an líon ó Mheiriceá Thuaidh fós 9% níos ísle ná an leibhéal is airde a baineadh amach i 2000. Mhéadaigh an líon cuairteoirí ó mhargaí eile i bhfad ó bhaile 28%, cé gur ar bhonn beag é. Tá laghdú tagtha ar an líon cuairteoirí idirnáisiúnta a thug cuairt ar an iarthuaisceart i rith na tréimhse sin, mar sin féin, tá méadú tagtha ar an líon cuairteanna agus cuairteoirí ó Thuaisceart Éireann.

2.12 INFRASTRUCHTÚR IOMPAIR

2.12.1 Bóithre

Tá an príomhghréasán Náisiúnta i gContae Dhún na nGall 159km ar fad. Bíonn cúig cinn de phríomhbhóithre náisiúnta & de bhóithre den dara grád ag fónamh ar Dhún na nGall:

N3 Béal Átha Seannaigh – Béal Leice
N13 Ceann an Droichid – Leitir Ceanainn – Srath an Urláir
N14 Leifear – Mainéar Uí Chuinneagáin
N14 Leifear – Bun Dobhráin
N56 (Bealach den Dara Grád) Baile Dhún na nGall – na Cealla Beaga, An Clochán Liath, Dún Fionnachaidh, Leitir Ceanainn

Tá na bóithre sin uasghrádaithe faoi chlár an NDP 1996-2005. Go dtí seo, tá 40% den ghréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad feabhsaithe agus neartaithe agus tá cóiriú dromchla curtha ar 51% de na bóithre. Tá na príomhghréasáin bóithre léirithe i bhFíor 2.8.

Tá cosáin na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla á neartú trí Chlár Athchóirithe 10 mbliana 1996-2005 arna mhaoiniú ag an Státchiste, cé go bhfuil feabhsúcháin níos suntasaí ar bhealaí straitéiseacha áirithe á maoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) mar shampla, an bealach ón gClochán Liath go dtí Bealach Féich.

2.12.2 Aerfoirt

Fónann aerfort amháin faoi láthair laistigh den Chontae do Dhún na nGall, Aerfort Charraig Fhinn atá suite ar chósta thiar Dhún na nGall, agus fónann dhá aerfort lasmuigh den Chontae air, Aerfort Shligigh agus Aerfort Chathair Dhoire. Tá aerfort Charraig Fhinn suite i “gCeantar Speisialta Caomhnaithe” agus tá trá le Bratach Ghorm láimh le ciubhais na haerstráice. Tá siad sin taispeánta i bhFíor 2.9. Oibríonn an t-aefort eitiltí faoi láthair ó Bhaile Átha Cliath agus ó Ghlaschú.

TAGAIRT

Bord Fiontar Chontae Dhún na nGall (2003). *Próifíl Chontae Dhún na nGall 2002 – 2012*

3 COMHAIRLIÚCHÁN RÉAMHDHRÉACHTA

3.1 RÉAMHRÁ

Is cuid thábhachtach maidir le hathbhreithniú ar phleanáil bhainistiú dramhíola an comhairliúchán poiblí agus chomh maith leis sin is beart é chun alt 22 den Acht um Bainisitú Dramhaíola, 1996 a chomhlíonadh. Deir Ciorclán WIR 06/04 de chuid na Roinne Comhshaoil go n-éilíonn athbhreithniú ar phleananna bhainistiú dramhaíola go dtabharfaí faoi thréimhse comhairliúcháin chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairim ar thodhchaí an bhainistithe dramhaíola ina gContae a léiriú.

3.2 AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

3.2.1 Comhairliúchán Náisiúnta

Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi Fhorléargas Náisiúnta ar na Pleananna Bhainisitú Dramhaíola in Aibreán 2004 agus dúirt gur chóir tús a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe do na pleananna. Faoi cheanglais reachtúla, cuireadh fógra ag lorg aighneachtaí sna nuachtáin áitiúla i 2004. Tá mionsonraí ar na haighneachtaí a rinneadh faoi gceanglas reachtúil seo tugtha i dTábla 3.1.

Tábla 3.1 na Freagraí Tosaigh Comhairliúcháin a fuarthas

Ainm	Freagraí
Comhaontas Glas	Fuarthas an Doiciméad *Guiding Donegal Towards a Zero Waste Community*
An Chomhairle Náisiúnta um Dhramhaíl Tógála agus Scartála	Comhlíontar an fhoráil don sruth dramhaíola tógála agus scartála ó thaobh cainníochtú cruinn ar eascairtí dramhaíola C&D agus saoráidí a shainaithint.
IWMA	Fuarthas Doiciméad maidir le hAthbhreithniú ar Phlean Bhainisitú Dramhaíola Réigiúnach Dhún na nGall. Iarradh deis cruinniú a bheith ann i rith an phróisis athbhreithnithe.
IBEC	Aighneacht IBEC ar an athbhreithniú ar phlean bhainistiú dramhaíola Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

3.2.2 Comhairliúchán Áitiúil

Thug Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi thréimhse comhairliúcháin poiblí i mí Iúil & Lúnasa 2005. Tugann an tréimhse comhairliúcháin seo an deis do dhaoine den phobal trácht a dhéanamh ar cheisteanna bhainistiú dramhaíola agus a dtuairimí a fháil ar an tslí ar chóir an plean bhainistiú dramhaíola a chur i bhfeidhm sna chéad chúig bliana eile. Baineadh úsáid as na modhanna seo a leanas:

- Bileoga Eolais & fógraí i nuachtáin ag iarraidh aighneachtaí scríofa ón bpobal
- Laethanta Comhairliúcháin don Phobal
- Lá Comhairliúcháin don Tionscal Dramhaíola
- Iarrataí ar aighneachtaí ó gheallsealbhóirí leasmhara
- Ceardlann do chomhaltaí tofa den chomhairle

3.2.3 Scaipeadh ar Bhileoga Eolais & Fógraí i Nuachtáin

Bhí bileoga eolais ag tabhairt tuairisce ar an athbhreithniú bhainistiú dramhaíola ar fáil in Ionaid Seirbhísí Poiblí Dhún na nGall. Tugadh mionsonraí sna bileoga eolais freisin faoi na tréimhsí comhairliúcháin poiblí. Tá cóip den bhileog eolais in Aguisín A.

Foilsíodh fógraí ag iarraidh aiseolais ar shaincheisteanna bhainistiú dramhaíola i nDún na nGall sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta i rith Meitheamh/Iúil 2005. Bhí na fógraí sin mar chuid den fhoilseachán ráitiúil 'Green Piece'. Fuarthas naoi n-aighneacht déag trí fhreagraí ar na fógraí sna nuachtáin.

3.2.4 Laethanta Comhairliúcháin don Phobal

Tionóladh sé lá comhairliúcháin i dToghlimistéir Dhún na nGall. Fógraíodh iad sin sna nuachtáin áitiúla agus ar an raidió áitiúil. Tionóladh na laethanta coimhairliúcháin ag na suímh agus na dátaí seo a leanas ón 3.00 p.m go dtí 7.30 p.m. Taifeadadh tuairimí ag na laethanta comhairliúchain poiblí. Ní raibh mórán i láthair ag na laethanata comhairliúcháin sin, le thart ar 20 duine ag freastal ar na cruinnithe in imeacht na sé lá.

Ionad Seirbhísí Pobail Charn Domhnach:	6ú Iúil 2005
Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith:	7ú Iúil 2005
Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile na nGallóglach:	8ú Iúil 2005
Óstán Kees, Srath an Urláir:	13ú Iúil 2005
Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn:	14ú Iúil 2005
Ionad Seirbhísí Pobail Dhún na nGall:	15ú Iúil 2005

Iarradh ar dhaoine den phobal a dtuairimí a sheoladh leis an bpost nó ar ríomhphost, nó mar rogha air sin chuig boscaí poist, a bhí ar fáil i ngach Oifig Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

3.2.5 Comhairliúchán leis an Tionscal Dramhaíola

Rinneadh teagmháil le gach cuideachta a fhaigheann cuireadh chuig cruinnithe um Chead Bhailiú Dramhaíola (15 ar an iomlán) agus iarradh orthu a dtuairimí a thabhairt agus tugadh

an deis dóibh casadh le hInnealtóirí Comhairleacha an RPS. Bhí na cruinnithe sin ann an 20ú Iúil. Níor thapaigh ach dhá chuideachta an deis casadh leis an RPS. Ní bhfuarthas aon fhreagraí eile. Ba é an dáta deiridh freagartha i gcomhair tuairimí ná an 19ú Lúnasa. Seo a leanas na saincheisteanna a ardaíodh sna cruinnithe sin:

- Forbairt ar Shaoráid Aisghabhála Ábhar i nDoire
- Go bhfeictear don phobal nach bhfuil an Plean Dramhaíola á chur i bhfeidhm
- Aistriú trasteorann dramhaíola go dtí Tuaisceart Éireann
- Ré Bhailiúchán Dramhaíola agus Cheadúnas Dramhaíola
- Saincheisteanna Maoinithe/Fóirdheontais
- Nósanna Imeachta Tuairiscithe chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall
- Gnólachtaí ag dumpáil agus ag dó dramhaíola go mídhleathach

3.2.6 Geallsealbhóirí Eile

Iarradh ar gach páirtí leasmhar aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an bPlean Bhainistiú Dramhaíola faoin 19ú Lúnasa. Fuarthas fiche freagra. Tá achoimre thíos ar na saincheisteanna a ardaíodh.

- Gan dóthain acmhainne laistigh de Dhún na nGall maidir le bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl ón earnáil tionsclaíochta agus tráchtála
- Tá gá le teaglaim de mhodhanna bhainistiú dramhaíola (cosc, laghdú, athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil, líonadh talún)
- Forbairt bhreise ar an tionscal dramhaíola príobháideach chun margadh dramhaíola iomaíoch a chruthú
- Úsáid a bhaint as *An Rás in aghaidh na Dramhaíola*
- Easpa bonneagair don dramhaíl ag eascairt as an tionscal iascaigh agus dobharshaothraithe
- Pleananna sainiúla bhainistiú dramhaíola do dhramhaíl tógála agus scartála (C&D).

3.2.7 Ceardlann do Chomhaltaí den Chomhairle

Tionóladh ceardlann de chomhaltaí na comhairle an 7ú Meán Fómhair 2005 maidir leis an athbhriethniú ar an bplean bhainistiú dramhaíola. D'ardaigh na comhaltaí tofa roinnt saincheisteanna ag an gceardlann sin, lena n-áirítear:

- Saoráidí & infrastruchtúr bailithe dramhaíola
- Costais an bhailithe dramhaíola
- Dreasachtaí athchúrsáil a dhéanamh
- Láthair líonadh talún beartaithe ag Mín na bPoll

- Saoráidí cóireála teirmí
- Polasaí straitéiseach
- Saoráidí Aisghabhála Ábhair (MRF)

Tionóladh tuilleadh Ceardlanna leis na Comhaltaí Tofa mar seo a leanas:

- 8 Márta 2006 Dréacht-Phlean Bhainistiú Dramhaíola
- 10 Aibreán 2006 Measúnú Comparáideach Airgeadais
- 2 Bealtaine 2006 Dréacht-Phlean Bhainistiú Dramhaíola

3.3 PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA A ARDAÍODH

Fuarthas 50 aighneacht ar an iomlán ón bpobal i gcoitinne trí na laethanta comhairliúcháin poiblí, tríd an bpost, le ríomhphost agus sna boscaí poist in Oifigí Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna sin:

- Íoslaghdú Dramhaíola & Pacáistiú
- Athchúrsáil
- Múiríniú
- Líonadh talún & Loscadh
- Dumpáil Mhídhleathach & Bruscar
- Oideachas
- Bailiú Dramhaíola & Muirir

3.4 FREAGRAIRT DO NA SAINCHEISTEANNA LÁRNACHA ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN

Déantar plé ar na saincheisteanna a ardaíodh sa tréimhse comhairliúcháin níos faide anonn sa tuarascáil seo. Tugann Tábla 3.2 achoimre ar na saincheisteanna a ardaíodh agus orthu siúd a bhí le hardú.

Tábla 3.2 Saincheisteanna ar ardaíodh i rith an chomhairliúcháin

Saincheist Lárnach	An Áit a bPléitear Í
Cosc & Íoslaghdú Dramhaíola	Caibidil 4
Dramhaíl Phacáistithe	Caibidil 11
Dramhaíl Inbhithdhíghrádaithe/Múiríniú	Caibidil 7,14,15
Saoráidí Athchúrsála	Caibidil 9,14,15
Oideachas, Feasacht, Cur chun cinn	Caibidil 4,5,6,15,16,18
Bailiú Dramhaíola	Caibidil 8.14
Saincheisteanna Dlí/Forfheidhmithe	Caibidil 13,18

3.5 COMHAIRLIÚCHÁN IARDHRÉACHTA

De réir na gceanglas reachtúil, cuireadh an Dréacht-Phlean Athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola ar fáil don phobal lena dtuairimí a thabhairt air ón 12ú Bealtaine 2006 go dtí an 14ú Iúil 2006. I measc na poiblíochta a rinneadh air, bhí an Dréacht-Phlean Athsholáthair a fhoilsiú ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Dhún na nGall, fógraí a chur sna nuachtáin agus an Plean a chur ar taispeáint sna suímh seo a leanas:

- Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Neil T. Blaney, Leitir Ceanainn
- Ionad Seirbhísí Poiblí, An Phríomhshráid, Baile na nGallóglach
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Drumlonagher, Baile Dhún na nGall

Cuireadh 4 aighneacht i scríbhinn ar an iomlán isteach i rith na tréimhse comhairleacháin. Rinneadh ceisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí a mheas agus rinneadh leasuithe ar an Dréacht-Phlean Athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola de réir mar a measadh ba ghá tar éis do Chomhairle Chontae Dhún na nGall é a athbhreithniú. Tá cóip den tuarascáil a thugann mionsonraí ar an anailís a rinneadh ar na freagraí comhairleacháin reachtúla in Aguisín B den tuarascáil seo.

4. COSC AGUS ÍOSLAGHDÚ DRAMHAÍOLA

4.1 RÉAMHRÁ

Ó Phlean Bhainistiú Dramhaíola 2000, forbraíodh roinnt clár agus polasaithe náisiúnta chun feabhas a chur ar chosc agus íoslaghdú dramhaíola. I measc na dtionscnamh sin bhí reachtaíocht forghníomhaithe, cláir taighde, doiciméid pholasaí agus forbairt laistigh den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshail chun tuilleadh cruthú dramhaíola ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil a chosc.

Dhírigh go leor de mholtaí phlean 2000 ar mhodhanna coisc agus íoslaghdaithe do líonta tí. Go dtí seo, tá na gníomhartha coisc agus athchúrsála seo a leanas atá leagtha amach i bplean 2000 bainte amach:

- Oifigeach Feasachta Dramhaíola, Oifigeach Rialála Dramhaíola agus Oifigeach Athchúrsála ceaptha.
- Feachtais Feasachta Dramhaíola déanta ag an gComhairle do scoileanna & líonta tí

4.2 DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO AGUS TIONSCNAIMH

I dteannta leis na hathruithe sa reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach, rinneadh roinnt clár agus tionscnamh náisiúnta a leathadh amach ó phlean 2000 i leith.

4.2.1 Cláir agus Tionscnaimh Náisiúnta

- Preventing & Recycling Waste: Delivering Change 2003
- An Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil
- Clár Taighde maidir le Taighde Comhshaoil agus Forbairt agus Nuálaíocht Theicneolaíochta (ERTDI)
- Clár Táirgeadh níos Glaine agus níos Glaise
- An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola
- Clár Léirithe Coisc Údaráis Áitiúil
- Croí-Fhoireann Coisc a bhunú
- An Rás in aghaidh na Dramhaíola

4.2.2 An Feachtas *An Rás in aghaidh na Dramhaíola*

Seoladh an Feachtas An Rás in Aghaidh na Dramhaíola i 2003 chun eolas ar shaincheisteanna dramhaíola a mhéadú agus chun iompar na ndaoine sa bhaile agus ag an obair a athrú chun an méid dramhaíola a bhíonn á chruthú a laghdú agus chun athchúrsáil agus múiríniú a mhéadú. Tá roinnt

clár laistigh den fheachtas a spriocdhíríonn ar earnálacha éagsúla lena n-áirítear líonta tí, pobail agus gnólachtaí.

4.2.2.1 An Rás in Aghaidh na Dramhaíola - An Clár um Mhionathrú do Ghnólachtaí

Bíonn an feachtas Mionathraithe á rith go náisiúnta ag foireann An Rás in Aghaidh na Dramhaíola agus bíonn sé comhordaithe go háitiúil ag an Oifigeach Feasachta Dramhaíola. Tá fáil ar Threoirleabhar don Mhionathrú do Ghnólachtaí a thugann imlíne ar gach rud is féidir le gnólachtaí beaga a dhéanamh chun na rialacháin a chomhlíonadh agus chun clár bhainistiú comhshaoil a fheidhmiú laistigh dá ngnólachtaí.

4.2.2.2 An Rás in Aghaidh na Dramhaíola – Gníomh ag an Obair

Tá tacaíocht ar fáil freisin d'Eagraíochtaí Móra tríd an bhfeachtas Gníomh ag an Obair. Tá comhairle ar fáil ón Oifigeach Feasachta Dramhaíola agus déantar cur i láthair d'eagraíochtaí móra faoi dhea-chleachtais bhainisitú dramhaíola a chur i bhfeidhm ina n-eagraíochtaí. Tá fáil ar threoirleabhar cuimsitheach 'Gníomh ag an Obair' agus beidh sé mar fhaisnéis d'eagraíochtaí maidir lena n-oibleagáidí faoin reachtaíocht agus an tslí le tabhairt faoi chlár bhainistiú comhshaoil a bhunú.

4.2.2.3 An Rás in Aghaidh na Dramhaíola – An Club Íoslaghdaithe Dramhaíola

Tá tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí freisin tríd an gClub Íoslaghdaithe Dramhaíola. Is éard is Club Íoslaghdaithe Dramhaíola ann ná nuair a théann gnólachtaí i limistéar geografach áirithe le chéile chun téarmaí/seirbhísí níos fearr a shocrú lena gconraitheoirí dramhaíola. D'fhéadfadh an Club freisin saoráidí agus trealamh a roinnt, agus níthe dramhaíola a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do ghnólacht eile a mhalartú. Ba chóir go mbeadh an fócas faoi dheireadh ar dhícheall íoslaghdaithe dramhaíola a bheith curtha ar bun ag na gnólachtaí.

4.2.2.4 Bailte Slachtmhara – Modúl An Rás in aghaidh na Dramhaíola

I 2004 tugadh modúl píolótach ar bhainistiú dramhaíola isteach sa chomórtas Bailte Slachtmhara. Ritheadh an modúl sin arís ar bhonn píolótach i 2005 agus ghlac beagnach 100 iarratasóir páirt ann. Is féidir leis an modúl sin deis a chur ar fáil do chomhfhreagracht phobail i ndáil le dramhaíl.

4.2.3 Laistigh den Údarás Áitiúil

Tá níos mó feasachta ar bhainistiú dramhaíola feabhsaithe sa chomhairle trí Oifigeach Feasachta Dramhaíola, Oifigeach Rialála Dramhaíola, Oifigeach Cúnta Rialála Dramhaíola agus Oifigeach Athchóirithe a cheapadh. Bhí Chomhairle Chontae Dhún na nGall páirteach i bhFeachtas Nollag Glas Repak, i Seachtain Athchúrsála Repak, i bhfeachtas Gníomh ag an Oibire de chuid an Rás in Aghaidh na Dramhaíola (eagraíochtaí móra) mar aon leis an bhfeachtas don Mhionathrú do SMEanna, agus chuir an Chomhairle chun cinn iad.

Seoladh Polasaí Ceannaigh Glais laistigh den chomhairle go rathúil ag díriú ar mhargaí d'ábhair athchúrsáilte a spreagadh. Déantar gach ceannach páipéir anois ó tháirgí foraoiseacha inbhuanaithe nó ó tháirgí athchúrsáilte. Tá rogha priontála ar an dá thaobh den bhileog mar rogha réamhshocraithe anois ar gach fótachóipeálaí agus priontálaí sa seomra priontála.

Tá Rannóg na mBóithre anois ag smaoineamh ar an rogha úsáid a bhaint as ábhar athchúrsáilte (m.sh. gloine) i ndéanamh bóithre.
Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall ag cabhrú le forbairt a dhéanamh ar shaoráidí d'fhuinneamh malartach i roinnt tionscadal lena mbaineann gairmscoil, ionad lae agus ionad seirbhíse poiblí.

Tá dul chun cinn déanta freisin ar Straitéis Inmheánach um Laghdú Dramhaíola. Tar éis roinnt beart a thabhairt isteach, laghdaíodh an méid dramhaíola a bhí ag dul chuig líonadh talún ó Oifig na Comhairle Contae i Leifear amháin 50%. Tugadh na bearta céanna isteach ag na hionaid seirbhíse poiblí réigiúnacha de réir mar a d'fhorbair siad. I measc na mbeart sin, tá boscaí athchúsála páipéir a thabhairt isteach go forleathan mar aon le clúdaigh in-athúsáide don phost inmheánach. Tionóladh seimineáir oiliúna athchúrsála in-tí freisin don fhoireann.

Tá saoráid bhailiúcháin d'fheadáin fluaraiseacha ar fáil in-tí ag gach ionad seirbhíse poiblí chomh maith le saoráidí athchúrsála cartrús dúigh agus ceallraí.

4.2.4 Pobal

Ó foilsíodh Plean Dramhaíola 2000, tá 6,000 bosca múirínithe scaipthe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chuig úinéirí tí chun críche múirínithe baile. Tionóltar laethanta díolacháin & léirithe mar chuid den fheachtas fógraíochta ar Fheasacht Dramhaíola. Déantar tuilleadh plé ar chláir & tionscnaimh phobail i gCaibidil 6: Bainistiú Dramhaíola Pobal-Bhuanithe.

4.2.5 Scoileanna

Iarrtar ar scoileanna gach bliain an tOifigeach Feasachta Dramhaíola a ligean isteach ar cuairt chun píosa cainte a thabhairt ar bhainistiú dramhaíola. Déantar cur i láthair in idir 80-100 scoil gach bliain. Eagraíonn Comhairle Chontae Dhún na nGall comórtais freisin do scoileanna chun cosc agus íoslaghdú dramhaíola mar aon le hathúsáid ábhair dramhaíola a chur chun cinn.

Sa bhliain 2004, tacaigh Contae Dhún na nGall le Treoir Dramhaíola arna forbairt ag ECO UNESCO faoin gCiste Comhpháirtíochta Comhshaoil LA 21 a chur ar fáil. Scaipfear an treoir seo ar na scoileanna go léir agus beidh sí ina hacmhainn thábhachtach do mhúinteoirí. Tugann an treoir cur síos ar an tslí ar féidir le múinteoirí a gceardlanna dramhaíola féin a rith ar shlí chruthaitheach agus idirghníomhach.

Tionóltar Ceardlanna Dramhaíola do mheánscoileanna áit ar féidir le grúpaí ar nós mic léinn idirbhliana foghlaim faoi cheisteanna dramhaíola ar shlí idirghníomhach agus chruthaitheach.

Tá bratach ghlas bronnta ag clár scoileanna glasa An Taisce ar 32 scoil i nDún na nGall go dtí seo agus tá 96 scoil ag obair go gníomhach chun an Bhratach Ghlas a bhaint amach. Meastar go mbronnfar bratach ghlas ar 10 scoil nua ar a laghad sa bhliain 2006. Is clár oideachais comhshaoil idirnáisiúnta é clár na scoileanna glasa. Tá an clár ceaptha gníomh ón scoil iomlán ar mhaithe leis an gcomhshaol a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt don ghníomh sin. Cuirtear saincheisteanna comhshaoil a ndéantar staidéar orthu i gcuraclam na scoile i bhfeidhm i rith na scoile ar shlí rialaithe agus sainmhínithe. Caithfidh scoileanna a fhaigheann an bhratach ghlas a mbratach a athnuachan gach dara bliain. Baineann tacaíocht leanúnach ón oifigeach feasachta agus measúnú breise leis na hathnuachana sin.

4.2.6 Tionscal & Tráchtáil

Tacaíonn an tOifigeach Feasachta Dramhaíola leis an Oifigeach Rialála Dramhaíola ó thaobh comhairle a chur ar ghnólachtaí maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoi na Rialacháin Phacáistithe agus reachtaíocht iomchuí eile. Bíonn comhairle ar fáil do ghnólachtaí maidir leis an tslí a gcuirfeadh siad dea-chleachtais bhainistiú dramhaíola i bhfeidhm. Tá an feachtas Mionathrú do Ghnólachtaí á chur chun cinn le seimineáir á n-eagrú d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Déanfaidh an tOifigeach Feasachta Dramhaíola sraith seimineár ar íoslaghdú agus cosc dramhaíola a eagrú don phobal gnó i 2006.

Tá roinnt cainteanna Bhainistiú Dramhaíola do Scéimeanna Oiliúna FÁS déanta ag an Oifigeach Feasachta Dramhaíola. Déantar na cainteanna sin faoi láthair ar iarratas ó chomhordaitheoirí oiliúna FÁS. Tá sé beartaithe an cleachtas seo a dhéanamh foirmiúil amach anseo trí idirchaidreamh a dhéanamh leis an comhordaitheoirí chun go mbeadh bainistiú dramhaíola san áireamh mar rogha ina scéim oiliúna.

Tá cur i láthair déanta freisin ag an Oifigeach Feasachta Dramhaíola do Worklink. Is comhlacht oiliúna é Worklink a chuireann ar chumas daoine a bhfuil tinneas meabhrach orthu filleadh ar an obair.

Chabhraigh Comhairle Chontae Dhún na nGall freisin le hathchúrsálaí polaistiréine atá bunaithe i gCill Charthaigh ábhar a fháil dá ghnólacht táirgthe sclátaí.

4.2.7 Clár Oiliúna an EPA do Chosc agus Íoslaghdú Dramhaíola

Tá Clár Oiliúna do Chosc agus Íoslaghdú Dramhaíola seolta ag an EPA do ghnólachtaí agus do ghairmigh eile. Tá na cláir deartha chun eascairtí dramhaíola a shainaithint, a chosc agus a íoslaghdú le linn na próiseála tionsclaíochta agus ó dhramhaíl táirgí/seirbhíse araon. Tá an cúrsa forbartha faoin gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola.

4.2.8 Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil an EPA

Tá roinnt líonraí forfheidhmithe ag an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil (OEE) freisin a léiríonn cosc agus íoslaghdú. Tá ionadaíocht ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar an Líonra um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Pacáistithe, ar an nGrúpa Oibre um Dhramhaíl Neamhúdaraithe, ar an Líonra um Plaisteach Feirme agus ar Dhramhaíl a Sheoladh Trasteorann. Tá tuilleadh eolais tugtha i gCaibidil 17.

4.3 ATHRUITHE MOLTA/FEABHSÚCHÁIN MHOLTA DO CHOSC DRAMHAÍOLA

Is é an cosc an ghné is tábhachtaí d'aon phlean bhainistiú dramhaíola. Beidh ról tábhachtach ag reachtaíocht náisiúnta nua ar nós Treoir WEEE, Treoir EOLV, NHWMP agus an Plean Náisiúnta um Chosc Dramhaíola i gcosc agus in íoslaghdú dramhaíola trí oibleagáidí forfheidhmithe agus dlíthiúla.

I nDún na nGall, beidh feabhsúcháin i gcosc agus íoslaghdú dramhaíola ag brath go mór ar an méid a ghlacfaidh líonta tí, gnólachtaí agus an tionscal dramhaíola leis an gceannaireacht agus leis an treoir atá tugtha ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

4.4 AIDHMEANNA AGUS SPRIOCANNA ATHBHREITHNITHE

Féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall ina plean bhainistiú dramhaíola athbhreithnithe na haidhmeanna agus na spriocanna náisiúnta, faoi mar atá leagtha síos sna polasaithe agus doiciméid reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla, a chomhlíonadh. Tá achoimre orthu sin i dTábla 4.1. Mar aon leis sin, leanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall de bheith ag obair i dtreo na n-aidhmeanna agus na spriocanna atá leagtha amach i bplean 2000.

Dramhaíl Ghuaiseach	Dramhaíl C&D	Dramhaíl Phacáistithe	Dramhaíl Inbhithdhíghrádaithe	WEEE	Athchúrsáil
Gan aon ardú ar dhiúscairt dramhaíola guaisí os cionn leibhéil 1996	Ráta Athchúrsála 50% faoi 2003	Athchúrsáil 25% de dhramhaíl phacáistithe de réir meáchain faoi Nollaig 2005	Bunaithe ar mhaolú. Bonnlíne 75% de Chruthú BMW faoi 2010	Bailiúchán deighilte de 4kg ar an meán don áitritheoir in aghaidh na bliana faoi Eanáir 2006.	Ráta Náisiúnta Athchúrsála 13%
Deireadh a chur le dramhaíl ghuaiseach neamhthuairiscithe	Ráta Athchúrsála 85% faoi 2013	Athchúrsáil 15% do gach ábhar pacáistithe faoi Nollaig 2005	Bonnlíne 50% de Chruthú BMW faoi 2013	A chinntiú go mbíonn córais bhailiúcháin curtha ar bun agus go mbíonn soláthróirí ar threalamh leictreach agus leictreonach ag foráil do mhaoiniú an bhailiúcháin, an chóireála, na haisghabhála agus an diúscartha slán ó thaobh an chomhshaoil de faoi Lúnasa 2005.	
		Aisghabháil 60% de dhramhaíl phacáistithe de réir meáchain faoi Nollaig 2011	Bonnlíne 35% de Chruthú BMW faoi 2016- faoi réir ag athbhreithniú eile	Ráta aisghabhála 80% de mheáchan iomlán na bhfearas mór tí faoi Nollaig 2006.	
		Athchúrsáil 55% de dhramhaíl phacáistithe de réir meáchain faoi Nollaig 2011		Ráta aisghabhála 60% d'fhearais bheaga tí, do threalamh tomhaltóra, d'earraí leictreacha & leictreonacha agus do bhréagáin faoi Nollaig 2006.	
		Athchúrsáil 60% de réir meáchain do ghloine faoi Nollaig 2011		Ráta aisghabhála 75% do threalamh TF agus teileachumarsáide faoi Nollaig 2006	
		Athchúrsáil 60% de réir meáchain do pháipéar agus clár faoi Nollaig 2011		Caithfidh athúsáid & athchúrsáil comhpháirteanna, ábhair agus substainte 80% a bhaint amach do scaoileadh gáis, 75% d'fhearais mhóra tí, 75% d'fhearais bheaga tí, do threalamh tomhaltóra agus d'uirlisí leictreacha & leictreonacha agus 65% do threalamh TF agus teileachumarsáide faoi Nollaig 2006.	
		Athchúrsáil 50% de réir meáchain do mhiotail faoi Nollaig 2011			
		Athchúrsáil 22.5% de réir meáchain do phlaistigh faoi Nollaig 2011			

Tábla 4.1 Aidhmeanna agus Spriocanna atá leagtha amach ag Reachtaíocht agus Polasaí Náisiúnta